

Treoir ar Shábháilteacht agus ar Shláinte Ghairme maidir le hOibrithe Leochaileacha san Ionad Oibre

Tá an treoir seo scríofa le haghaidh fostóirí agus fostaithe i ngach earnáil oibre, lena n-áirítear oibrithe gníomhaireachta, conraitheoirí, oibrithe imirceacha, oibrithe sealadacha agus oibrithe poistíneachta.

Is é cuspóir na treorach seo feasacht a mhúscailt maidir le hoibrithe leochaileacha san ionad oibre a aithint, chomh maith lena gcuid riachtanas maidir le sábháilteacht agus sláinte ghairme. I gcás roinnt daoine d'fhéadfadh nach mbeidís ag iarraidh go dtabharfaí 'oibrí leochaileach' orthu. Is é an rún atá i gceist agus an téarma 'leochaileach' á úsáid ná an dream sin daoine a chosaint, agus treoir agus comhairle a thabhairt dóibh.



Clár na nÁbhar

Buneolas faoi Oibrithe Leochaileacha	3
Cad is Oibrí Leochaileach Ann?	3
Leochaileacht agus Fachtóirí Riosca a Thuiscint	4
- Forléargas	
- Fachtóirí Pearsanta	
- Fachtóirí Poist	
Próifílí Oibrí Leochailigh	6
- Forléargas	
- Grúpaí Riosca Íogaire	
- Oibrithe Leochaileacha Eile	
Oibrithe Leochaileacha – Na Fíricí	9
Buneolas faoin Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus faoin Dlí	10
Aghaidh a Thabhairt ar Ghuaiseacha Síceasóisialta agus Tuairisciú	11
- Tuairisciú	
- Guaiseacha Síceasóisialta	
Na Leideanna is Fearr d'Oibrithe Leochaileacha chun Fanacht Slán	12
Príomcheisteanna le Cur	12
Faisnéis agus Acmhainní Breise	12



Buneolas faoi Oibrithe Leochaileacha

Is éard atá i gceist le hoibrithe leochaileacha ná daoine a d'fhéadfadh a bheith íogair ach go háirithe nó a d'fhéadfadh a bheith ró-nochta do rioscaí féideartha sláinte agus sábháilteachta i gcomparáid leis an daonra oibre i gcoitinne.

Feictear oibrithe leochaileacha i ngach earnáil oibre a chlúdaíonn cineálacha agus méideanna difriúla gnó.

Tá sé de cheart ag gach duine ionad oibre sábháilte a bheith acu, áit a bhfuil rioscaí sláinte agus sábháilteacht rialaithe i gceart. Bíonn daoine áirithe i mbaol níos mó ó rioscaí sábháilteachta agus sláinte gairme (SSG) mar gheall ar fhachtóirí éagsúla pearsanta agus poist.

Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh daoine níos mó i mbaol ó thionóiscí agus/nó drochshláinte san ionad oibre toisc:

- Go ndéanann siad obair nó go n-oibríonn siad i dtimpeallacht atá níos guaisí de nádúr (mar shampla, foirgníocht, mianadóireacht, talmhaíocht agus iascaireacht).

- Nach féidir leo rochtain a fháil ar eolas agus oiliúint ar shláinte agus sábháilteacht ghairme (i.e., ní chuirtear na rudaí sin ar fáil i bhformáid ná i dteanga atá inrochtana dóibh).
- Go bhfuil siad ag obair sa phost sin den chéad uair agus níl siad ar an eolas faoi na guaiseacha/níor cuireadh oiliúint sábháilteachta orthu.
- Go bhfuil siad ag obair le haghaidh cuideachtaí nach ndearna beart/nár fhoghlaim ón aiseolas faoi shábháilteacht a sholáthair a gcuid ball foirne (i.e., droch-cheannaireacht agus droch-chultúr i leith na sábháilteachta).
- Go n-oibríonn siad le haghaidh cuideachtaí nach dtéann i gcomhairle lena gcuid oibrithe maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte ceirde.

Cad is Oibrí Leochaileach Ann?

De réir na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair is iad oibrithe leochaileacha ná 'grúpaí áirithe a d'fhéadfadh go mbeidís níos mó i mbaol ó thionóiscí nó ó dhrochshláinte ghairme i gcomparáid le daoine eile nó iad siúd lena ngabhann dálaí speisialta a d'fhéadfadh gurbh gá aird a thabhairt orthu i gcomhthéacs sláinte agus sábháilteachta' (2022).

D'fhéadfadh go mbeadh **go leor leochaileachtaí difriúla atá nasctha le fachtóirí éagsúla pearsanta agus poist ag duine**. D'fhéadfadh go mbeadh daoine leochaileach sula dtosódís ag obair, nó d'fhéadfadh go n-éireodís leochaileach le linn a saoil oibre. Léiríonn gach duine **speictream leochaileachta**, agus leibhéal níos airde nó níos ísle leochaileachta ag roinnt oibrithe.



Áirítear le samplaí d'oibrithe leochaileacha:

- Daoine óga san ionad oibre*
- Oibrithe torracha agus iarbheirthe, agus oibrithe atá i mbun an bheathaithe cíche*
- Oibrithe oíche agus sealobrithe*
- Oibrithe breacaosta
- Oibrithe atá tar éis tosú ar an bpost
- Oibrithe ar bheagán taithí, printísigh san áireamh
- Oibrithe imirceacha

- Oibrithe poistíneachta/ardáin
- Oibrithe gníomhaireachta agus sealadacha
- Oibrithe faoi mhíchumas
- Oibrithe ag a bhfuil bunfhadhbanna sláinte
- Oibrithe aonair
- Oibrithe ar bheagán cáilíochtaí
- Oibrithe nach í an Béarla a gcéad theanga

* Grúpaí riosca íogaire

Leochaileacht agus Fachtóirí Riosca a Thuiscint


Forléargas

Is mó an seans go dtarlódh gortú nó drochshláinte d'oibrithe leochaileacha mar gheall ar fhachtóirí sonracha pearsanta nó poist.

1 Áirítear le **fachtóirí pearsanta** tréithe bitheolaíocha, sóisialta agus cultúrtha.

2 Baineann **fachtóirí poist** le stádas an duine sa fhiontar agus a c(h)onradh oibre, le nádúr na hoibre, agus le tréithe áirithe na heagraíochta dá bhfuil sé/sí ag obair.

Is féidir le meascán d'fhachtóirí pearsanta agus poist a bheith ina chúis le fachtóirí riosca áirithe, rud a mhéadaíonn an dóchúlacht go dtarlódh iompraíocht mhíshábháilte, gortú gairme agus breoiteacht ghairme.




Áirítear le fachtóirí riosca:

- Easpa taithí nó a bheith tar éis tosú ar an bpost
- Easpa feasachta faoi shábháilteacht
- Strus
- Oibriú aonair
- Láithreachas
- Éiginnteacht poist nó ioncaim
- Míshásamh leis an bpost
- Easpa spéise sa phost
- Tuirse agus barraíocht oibre
- Drochshláinte mheabhrach
- Leithlisiú sóisialta
- Bulaíocht, ciapadh, teacht i dtír agus mí-úsáid
- Obair atá dian ar an gcorp agus obair atriallach
- Foréigean agus iompar bagrach
- Gan soláthar a bheith déanta d'ionadaíocht ag Ceardchumann

Ba cheart d'oibrithe eolas a chur ar na fachtóirí pearsanta agus poist éagsúla ar féidir leo 'leochaileacht' a chruthú. Sna léaráidí thíos tugtar achoimre ar na fachtóirí (1) pearsanta agus (2) oibre éagsúla a chuireann le leochaileacht.

Fachtóirí Pearsanta

Sa léaráid thíos tugtar achoimre ar na fachtóirí pearsanta éagsúla ar féidir leo cur leis an leochaileacht.



Fachtóirí Poist

Sa léaráid thíos tugtar achoimre ar na fachtóirí poist éagsúla ar féidir leo cur le leochaileacht.



Conartha

Cineál fostaíochta (buan, téarma seasta, sealadach/obair réchúiseach)
Obair ghníomhaireachta
Obair pháirtaimseartha/lánaimseartha
Roinnt Poist
Pá
Saoire (laethanta saoire/saoire bhreuiteachta)



Oibre

Cineál (neamhoilte, ceirdeanna, gairmeacha)
Ualach oibre
Uaireanta oibre
Dálaí oibre
Rialú/neamhspleáchas poist
Leibhéal na freagrachta
Sealobair
Obair Oíche
Obair Ardáin
Cianobair



Eagraíochtúil

Méid na cuideachta
Oiliúint
Tacaíocht
Beartais agus nósanna imeachta SSG
Cultúr sábháilteachta
Samhail ghnó
Ionadaíocht/Ceardchumainn

Próifílí Oibrithe Leochaileacha

Forléargas



Cuimsítear raon leathan daoine le hoibrithe leochaileacha.

Sainmhíniú leathan atá ar oibrithe leochaileacha agus cuimsítear leis (1) 'grúpaí riosca íogaire' agus (2) grúpaí oibrithe eile ar féidir a mheas mar leochaileach. Gabhann comaoineacha sonracha don tsábháilteacht agus don tsláinte ghairme le 'grúpaí riosca íogaire', i dteannta le grúpaí eile oibrithe leochaileacha. Tá siad sin leagtha amach thíos.

Oibrithe Leochaileacha

Grúpaí Riosca Íogaire

e.g., oibrithe óga, oibrithe oíche agus sealoibrithe, fostaithe torracha agus iarbhreithe, agus fostaithe atá i mbun an bheathaithe cíche.

Oibrithe Leochaileacha Eile

e.g., oibrithe breacaosta, oibrithe imirceacha, oibrithe poistíneachta, oibrithe atá tar éis tosú ar an bpost, oibrithe ag a bhfuil bunriochtaí sláinte etc.

Grúpaí Riosca Íogaire

Mar atá sonraithe sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 agus sa treoir arna soláthar ag ÚSS, áirítear le 'Grúpaí Riosca Íogaire':

1

oibrithe óga,

2

oibrithe oíche agus sealoibrithe,

3

fostaithe torracha agus iarbhreithe, agus fostaithe atá i mbun an bheathaithe cíche.

Oibrithe Óga

Is éard atá i gceist le duine óg duine a bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige/aici ach atá níos lú ná 18 mbliana d'aois.

D'fhéadfadh gurbh mó an baol d'oibrithe óga toisc:

- nach bhfuil taithí acu,
- go bhfuil siad fós ag forbairt go fisiceach agus ag síceolaíoch, agus
- toisc go mb'fhéidir nach bhfuil an mhuinín acu le labhairt faoi chórais oibre neamhshábháilte.

Is tábhachtach go gcuirfeadh fostóirí oiliúint agus maoirseacht ar fáil do gach duine óg atá i mbun oibre.

Ba cheart rioscaí do gach duine san ionad oibre, lena n-áirítear fachtóirí riosca do dhaoine óga, a chur san áireamh le measúnú riosca.

Oibríthe Oíche agus Sealobríthe

Tugann go leor oibríthe faoi obair oíche agus faoi shealobair mar chuid dá gconradh oibre.

Tagraíonn **obair oíche** d'obair a dhéantar le linn na hoíche (i.e., idir 12am agus 7am an lá dar gcionn). Is éard atá i gceist le hoibríthe oíche daoine a oibríonn trí uair an chloig ar a laghad dá ngnáthlá oibre idir meánoíche agus 7am an lá dar gcionn ar feadh leath ar a laghad dá n-am oibre bliantúil.

Tagraíonn **sealobair** d'aon mhodh chun obair a eagrú i sealanna áit a dtagann oibríthe i ndiaidh a chéile ag na stáisiúin oibre chéanna i gcomhréir le pátrún áirithe.

Is éard atá i gceist le sealobrí oibrí ar bith a bhfuil a sceideal oibre mar chuid de shealobair. Tá go leor cineálacha sealobaire i gceist a bhíonn éagsúil ó thaobh na nithe seo a leanas:

- fad seala,
- líon sealanna,
- uainiú seala,
- tréimhsí sosa idir sealanna
- laethanta saora.

Is minic a bhíonn na huairéanta oibre lasmuigh de gnáthuaireanta oibre (i.e., 9am go 5pm) go hiomlán nó go páirteach.

Ba cheart d'fhostóirí measúnú oiriúnach agus leordhóthanach a dhéanamh ar na rioscaí a ghabhann le hobair oíche agus le sealobair agus féidearthacht na tuirse. Is féidir le sealanna, sealanna oíche agus sealanna go luath ar maidin ach go háirithe, cur isteach ar an gclog inmheánach agus cur le deacrachtaí codlata agus tuirse. Is féidir leo tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht agus cur le dóchúlacht na n-earráidí agus na dtionóiscí san ionad oibre. Ina theannta sin, is féidir leo tionchar diúltach a imirt ar an tsláinte agus ar an bhfolláine.

Ba cheart d'oibríthe oíche agus do shealobríthe a bheith feasach faoi chomharthaí tuirse – mar:

- aird a chailliúint agus dearmad a dhéanamh ar rudaí,
- easpa fuinnimh agus spreagtha,
- méadú ar fhiontraíocht,
- freagairtí níos maille,
- mothú cantalach agus
- tuirse fiú tar éis codlata.

Is féidir le daoine a bheith difriúil ó thaobh a n-acmhainne ar obair oíche agus ar shealobair. D'fhéadfadh go mothódh cuid acu meabhrach ag amanna difriúla sa lá (i.e., 'daoine a fhanann ina suí go maidin' nó 'daoine ar fearr leo an mhaidin'. Braitheann sé freisin ar shláinte, folláine, aois, slí mhaireachtála agus freagrachtaí eile (i.e., freagrachtaí sa bhaile).



Freagracht roinnte atá i gceist le bainistíocht ar riosca tuirse; tá ról le glacadh ag an bhfostóir agus ag an bhfostaí araon. Ba cheart do gach fostaí céimeanna a ghlacadh chun codladh, aiste bia agus aclaíocht a bhainistiú.

Fostaithe Torracha agus Iarbhreithe, agus Fostaithe atá i mbun an Bheathaithe Cíche

Cuireann toircheas agus saolú linbh le hathruithe fiseolaíocha agus mothúchána a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh cur isteach ar chumas duine a cuid dualgas oibre a chomhlíonadh ar an ngnáthbhealach. De bhreis air sin, is féidir le roinnt gníomhaíochtaí/próisis oibre an duine torrach agus/nó a leanbh a chur i mbaol na díobhála.

Ciallaíonn **fostaí torrach** fostaí atá torrach. Ciallaíonn **fostaí iarbhreithe** fostaí a shaolaigh leanbh tráth nach mó ná 14 seachtaine roimhe. Ciallaíonn **fostaí atá i mbun an bheathaithe cíche** fostaí a shaolaigh leanbh tráth nach mó ná 26 seachtain roimhe atá i mbun an bheathaithe cíche.

Tá guaiseacha san ionad oibre a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shláinte an duine thorraigh agus/nó an linbh fhorbartha. Nuair is eol d'fhostaí go bhfuil sí torrach ba cheart di, chomh luath agus is féidir, a fhostóir a chur ar an eolas faoina riocht agus deimhniú leighis cuí a chur ar fáil don fhostóir. Ansin ní mór don fhostóir measúnú a dhéanamh ar aon riosca atá ann do shláinte agus sábháilteacht an duine thorraigh agus an linbh neamhbheirthe. Ní mór d'fhostóirí cineál, méid agus fad an nochta d'aon oibreán, próiseas nó riocht oibre a aithint a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh. I Sceideal 8 de Rialacháin an Fheidhmithe Ghinearálta (2007) liostaítear na hoibreáin fhisiceacha, cheimiceacha agus bhitheolaíocha agus na próisis agus dálaí oibre arb eol go gcuireann siad fostaithe torracha, fostaithe atá i mbun an bheathaithe cíche agus an leanbh forbartha i mbaol. Má nochtar riosca leis an measúnú, ní mór don fhostóir an fostaí a chur ar an eolas faoin riosca agus na céimeanna cuí a ghlacadh chun an riosca a dhíbirt. Ina theannta sin, ní mór don fhostóir áiseanna sosa cuí a sholáthar don fhostaí torrach le luí síos ar na dálaí cuí.

Oibrithe Leochaileacha Eile

Oibrithe Breacaosta

Is iad **oibrithe breacaosta** oibrithe atá 55 bliain d'aois nó níos sine. Léirítear le sonraí tionóisce ÚSS gur lú an dóchúlacht go mbeidh tionóiscí neamh-mharfacha ag daoine breacaosta i gcomparáid le hoibrithe eile. Is mó an dóchúlacht, áfach, go bhfaighidís bás san ionad oibre, i gcomparáid le hoibrithe eile.

D'fhéadfadh go gcúiteodh saineolas, taithí poist, oideachas agus spreagadh oibrithe breacaosta as na hathruithe féideartha éagsúla ar chumas an oibrí a bhaineann leis an bpróiseas aosaithe nádúrtha. Áirítear leis sin athruithe ar chumas fisiceach (i.e., soghluaisteacht, neart matánach agus raon gluaiseachta na n-alt) agus athruithe ar chumas céadfach (i.e., radharc agus éisteacht). Is tábhachtach go rachadh fostóirí agus bainisteoirí i gcomhairle le hoibrithe breacaosta agus go dtabharfaidís ról dóibh i mbearta rialaithe a dhearadh, ionas go mbainistítear sláinte agus sábháilteacht go comhoibritheach.

Oibrithe Imirceacha

Is éard atá in **oibrí imirceach** duine atá nó a bhí i mbun gníomhaíochta íochta i stát nach náisiúnach dá chuid iad. Áirítear leis sin oibrithe a bhfuil agus nach bhfuil doiciméid inimirce acu. Meastar gur imircigh ghearrthéarmacha iad oibrithe séasúracha. Déanann go leor oibrithe imirceacha obair a mheastar gur obair shalach, dheacair agus/nó chontúirteach í.

Is ionann líon na saoránach neamh-Éireannach agus thart ar 12% den daonra (POS, 2022). Maidir le cuid acu, d'fhéadfadh go mbeadh leibhéal ísle litearthachta acu ina dteanga féin agus i mBéarla chomh maith. Maidir leis na 751,507 duine a thuairiscigh gur labhair siad teanga eile sa bhaile (i.e., seachas Béarla) thug 57% le fios gur labhair siad Béarla go han-mhaith, thug 11% le fios nár labhair siad Béarla go maith, agus níor labhair 2% é ar chor ar bith.

Is féidir go bhfuil sé deacair ar roinnt oibrithe imirceacha rochtain a fháil ar eolas faoina gcuid ceart agus faoi chleachtais oibre shábháilte, mar gheall ar bhacainní teanga. Ba cheart go mbeadh oiliúint ionduchtúcháin ar shábháilteacht agus ar shláinte ghairme inrochtana do gach duine. Ba cheart í a chur ar fáil i bhformáid atá éasca le leanúint agus i dteanga a thuigeann siad.

Tá go leor oibrithe imirceacha as áiteanna lasmuigh den Aontas Eorpach (AE) fostaithe faoi chóras na gceadanna fostaíochta agus ciallaíonn sé sin gur féidir go bhfuil sé níos deacra labhairt amach faoi chleachtais oibre neamhsábháilte. Tá seans níos mó ann go ndéanfar leatrom ar oibrithe imirceacha ná ar an bhfórsa oibre i gcoitinne. Is féidir le leithcheal cur le strus agus tionchar diúltach a imirt ar an tsláinte.

Oibrithe Poistíneachta, Oibrithe Ardáin Dhigitigh agus an Geilleagar Poistíneachta

Is éard atá in **oibrí poistíneachta** duine atá ag obair sa gheilleagar poistíneachta. Tugtar saoróibrí nó conraitheoir neamhspleách orthu freisin. Is gnách go gclúdaítear le hobair phoistíneachta caidrimh oibre ghearrthéarmacha neamhfhoirmiúla, áit a ndéantar an obair de réir éilimh agus ar bhonn cúraimí aonair.

Sainítear **obair ardáin dhigitigh** mar an obair íochta go léir a dhéantar trí/ar ardán ar líne. Is éard atá in ardán ar líne margadh digiteach a cheadaíonn éileamh ar obair agus soláthar na oibre a mheaitseáil le cúraimí sonracha a chur i gcrích. Dá bharr sin, is féidir an obair a dhéanamh go hiomlán ar líne agus/nó ar an láthair.

Tagraíonn **an geilleagar poistíneachta** do staid ina bhfostaítear duine (oibrí poistíneachta) trí haip nó suíomh gréasáin chun gabháil do ról le haghaidh tríú páirtí. Tagraítear don gheilleagar poistíneachta freisin mar an 'geilleagar ardán' nó 'geilleagar comhroinnte'. Déantar agus bainistítear an aip nó an suíomh gréasáin ag eagraíocht nó ag ardán. Mar shampla, soláthraíonn ardán seachadta bia seirbhísí seachadta bia a mhargaítear d'asraonta bia, trí fheidhmchlár gléis mhóibíligh de ghnáth. Fostaíonn an t-ardán rothaithe seachadta chun an bia a phróiseálann an t-asraon bia a sheachadadh.

Tagraíonn **bainistíocht algartamach** d'úsáid algartam agus córas atá bunaithe ar shonraí chun cinntí a dhéanamh, cúraimí a leithdháileadh, obair a threorú, agus sreafaí oibre a bhainistiú in eagraíochtaí.

Nochtar **oibrithe poistíneachta agus ardáin** do na guaiseacha céanna san ionad oibre is a nochtar oibrithe eile dóibh. D'fhéadfadh gurbh airde an riosca, áfach, mar gheall ar an gcaoi a n-eagraítear an obair (mar shampla, leithlisiú sóisialta), agus/nó gnéithe sonracha a gconarthaí oibre (mar shampla, éiginnteacht phoist de thoradh oibre conartha nó sealadaí). Ina theannta sin, is gá rioscaí síceasóisialta i ndáil le bainistíocht algartamach d'oibrithe poistíneachta a chur san áireamh.

Oibrithe faoi Mhíchumas

Tá go leor cineálacha míchumais ann. Cuimsítear leis an sainmhíniú ar mhíchumas riochtaí fisiceacha, intleachta, cognaíocha, mothúcháin agus leighis. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt fostaithe faoi míchumas, agus i gcás fostaithe eile d'fhéadfadh go dtarlódh míchumas dóibh le linn a saoil oibre. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná míchumas amháin ag roinnt daoine. Maidir le ceathrar as cúigear faoi mhíchumas, tarlaíonn an míchumas agus iad ina nduine fásta.

Tá roinnt cineálacha míchumais ann nach féidir a fheiceáil láithreach, mar shampla, titimeas nó riochtaí meabhairshláinte amhail dúlagar nó imní. D'fhéadfadh nach roghnódh fostaithe atá faoi 'mhíchumas ceilte' a míchumas a nochtadh láithreach toisc imní a bheith orthu go ndíreodh a bhfostóir ar a míchumas seachas a gcumas. Is dea-chleachtas é do chuideachta pleanáil le haghaidh sláinte agus sábháilteachta ar bhonn cuimsitheach agus iad sin a bhainistiú, agus Beartas Míchumais a bheith i bhfeidhm aici. Thairis sin, ba cheart moladh d'oibrithe faoi mhíchumas leas a bhaint as seirbhísí sláinte ceirde, má tá a leithéid ar fáil ina gcuideachta. Cinnteofar leis sin go mbeifear in ann deacrachtaí a láimhseáil i gceart agus go mbeidh gach oibrí ar an eolas faoi cheanglais an ionaid oibre.

Oibrithe ar a bhfuil Bunriochtaí Sláinte

D'fhéadfadh go mbeadh bunriocht sláinte ar roinnt oibrithe. Maidir le riochtaí ainsealacha (ar a dtugtar riochtaí fadtéarmacha freisin) teastaíonn cóir leighis leanúnach agus/nó cuirtear srian le gníomhaíochtaí an tsaoil laethúil. Is féidir le riochtaí sláinte áirithe a bheith bainteach le hairíonna agus le míchumas a mbíonn éifeacht acu ar chumas duine a c(h)uid oibre a dhéanamh. Mar shampla, i gcás riocht croí, d'fhéadfadh nach mbeadh an duine in ann cúraimí fisiceacha áirithe a chur i gcrích a thuilleadh. Má dhéantar freastal ceart ar dhaoine agus má thugtar tacaíocht dóibh, is féidir leo leanúint orthu ag obair agus/nó fillleadh ar an obair tar éis tréimhse bhreiteachta.

Tar éis tréimhse bhreiteachta, ba cheart d'fhostaithe, a gcuid fostóirí agus cleachtóirí leighis ábhartha oibriú as lámha a chéile lena chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm maidir le fillleadh ar an obair. D'fhéadfadh go mbeadh fillleadh páirteach nó grádaithe ar an obair, agus athruithe ar dhualgais, i gceist leis sin. I bpleananna um 'fhilleadh ar an obair' tabharfar aird ar shrianta nó ar fhreastal a d'fhéadfadh a bheith sealadach nó fadtéarmach. Ba cheart dóibh a mheas freisin cé a thacóidh le fillleadh ar an obair ag an bhfostaí. Ba cheart plananna um 'fhilleadh ar an obair' a athbhreithniú ag eatraimh chomhaontaithe lena cinntiú go bhfilltear ar an obair ar bhealach sábháilte inbhuanaithe tar éis tréimhse de shaoire bhreiteachta. Ní hamháin gur chun tairbhe an fhostóra é fillleadh ar an obair; is chun tairbhe an fhostaí é freisin.

Is dea-chleachtas é oiliúint a chur ar na bainisteoirí líne chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i dtaca le sláinte agus folláine a bhainistiú. Ba cheart go gcuimseofaí san oiliúint cumasú comhrá ardchaighdeán agus muiníne idir oibrithe agus bainisteoirí maidir le hoibriú le riocht sláinte. Is féidir leis sin an bealach a réiteach don tsláinte agus don táirgiúlacht is fearr ag oibrithe.

Oibrithe atá tar éis Tosú ar an bPost

Tá seans níos mó ann go mbeidh tionóisc ag oibrithe sna chéad sé mhí ag an obair. Seo thíos roinnt cúiseanna féideartha leis an riosca méadaithe:

- easpa taithe ar an ionad oibre/an tionscal nua,
- gan cur amach a bheith acu ar an bpost,
- gan cur amach a bheith acu ar an timpeallacht oibre,
- fonn a bheith orthu dul i bhfeidhm ar bhainisteoirí agus ar chomhghleacaithe, nó
- gan bheith ag iarraidh imní a phlé agus/nó gan fios a bheith acu conas imní a phlé.

Ba cheart oiliúint ionducthúcháin a chur ar gach fostaí nua, ar cheart go gcuimseofaí léi faisnéis faoi shábháilteacht agus sláinte cheirde. Is rithábachtach go bhfaigheadh gach oibrí nua sa phost rochtain ar oiliúint agus eolas faoi na rioscaí a d'fhéadfadh go nochtfaí dóibh iad, agus faoi na réamhchúraimí a bheadh orthu a ghlacadh lena seachaint.

Oibrithe Leochaileacha – Na Fíricí

Ta seans níos mó ann go ngortófaí oibrithe leochaileacha nó go n-éireodís tinn mar thoradh ar an bpost. Léirítear leis na staitisticí seo a leanas sonraí ÚSS faoi tharluithe le haghaidh na tréimhse 2013 go 2022.



Is fir iad **95%** de na daoine a fhaigheann bás ag an obair ach ní fir iad ach **53%** den fhórsa oibre.



B'ionann an **cúigiú cuid** de na daoine a gortaíodh go neamh-mharfach (a tuairiscíodh a ngortú) agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha (is ionann náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus thart ar an gcúigiú cuid den fhórsa oibre chomh maith).



Tá a **dhá oiread** seans ann go ngortófaí go neamh-mharfach oibrithe os cionn 35 bliain d'aois ná oibrithe óga.



Is oibrithe féinfhostaithe iad **43%** de na daoine a fhaigheann bás ag an obair ach ní oibrithe féinfhostaithe iad ach thart ar **15%** den fhórsa oibre.



Tá a **thrí oiread** seans ann go bhfaigheadh oibrithe os cionn 65 bliain d'aois bás san ionad oibre i gcomparáid le hoibrithe óga.

Buneolas faoin Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus faoin Dlí

Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) freagrach as sábháilteacht agus sláinte ag an obair a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn. Tá cigirí ÚSS údaraithe chun cigireachtaí nó imscrúduithe a dhéanamh agus é mar aidhm acu faireachán a dhéanamh ar an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus an reachtaíocht sin a fhorfheidhmiú.

Leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, leagtar cúram ar gach páirtí leasmhar as an tsláinte agus sábháilteacht cheirde. Leagtar amach ann na róil agus na freagrachtaí a bhaineann le fostóirí, fostaithe agus daoine eile.

Tá fostóirí freagrach as ionad oibre sábháilte agus sláintiúil a chruthú agus a choinneáil.

Ceanglaítear ar fhostóirí:

- measúnú a dhéanamh ar na rioscaí don tsábháilteacht agus don tsláinte ag an obair le haghaidh **gach oibrí (oibríthe leochaileacha san áireamh)**, chun tionóisc, gortú agus drochshláinte san ionad oibre a sheachaint;
- **ráiteas sábháilteachta** a fhorbairt agus a chur in iúl ina dtugtar sonraí ar na guaiseacha, na rioscaí agus na rialuithe gaolmhara go léir, ar bhealach agus i bhformáid atá intuigthe ag oibríthe;
- eolas, treoir, oiliúint agus maoirseacht a chur ar fáil d'oibríthe i ndáil le sábháilteacht agus sláinte;
- áiseanna leasa a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh oibríthe san ionad oibre;
- dul i gcomhairle lena gcuid oibríthe faoi gach ábhar a bhaineann leis an tsláinte agus sábháilteacht cheirde; agus
- ceapadh ionadaí sábháilteachta a éascú (má roghnaíonn a gcuid fostaithe ionadaí sábháilteachta).

An Dlí - Cearta agus Freagrachtaí

- Tá cearta comhionanna ag oibríthe faoi dhlí sláinte agus sábháilteachta na hÉireann, cibé acu gur náisiúnaigh Éireannacha nó oibríthe imirceacha iad.
- Tá na cearta céanna ag oibríthe sealadacha nó réchúiseacha, cibé acu gur náisiúnaigh Éireannacha nó imircigh iad, faoi dhlí na hÉireann is atá ag oibríthe lánaimseartha buana.
- Tá dualgas ar leith ar fhostóirí i ndáil le 'Grúpaí Riosca Íogaire' mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Forfheidhmiú Ginearálta) 2007.
- Tá dualgas ar leith ar fhostóirí i ndáil le daoine faoi mhíchumas mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Forfheidhmiú Ginearálta) 2007.
- Tá sé de cheart ag oibríthe de réir an dlí ionadaíocht a fháil ó Ionadaithe Sábháilteachta nó Ceardchumainn i ndáil le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre, agus ní mór gníomh a ghlacadh de réir na hionadaíochta sin.



Oibríonn roinnt daoine sa 'gheilleagar neamhfhoirmiúil' agus/nó níl 'doiciméid inimirce' ag roinnt daoine. D'fhéadfadh nach mbeadh ach cosaint theoranta ag na hoibríthe sin faoin dlí, agus d'fhéadfadh gurbh deacair dóibh labhairt amach faoi imní i ndáil le sábháilteacht agus sláinte cheirde.



Aghaidh a Thabhairt ar Ghuaiseacha Síceasóisialta agus Tuairisciú



Guaiseacha Síceasóisialta

Tagann guaiseacha síceasóisialta chun cinn ó réimsí laistigh d'ionad oibre ar minic a dtugtar 'dálaí oibre' orthu. Bíonn céimeanna éagsúla de na guaiseacha sin i gceist, agus beidh éifeacht dhifriúil acu ar dhaoine. Bíonn oibríthe leochaileacha, ar chúiseanna éagsúla, gan cosaint cheart ar na guaiseacha sin agus cuireann siad isteach níos mó orthu. Is féidir le guaiseacha ó uaireanta oibre fada, ualach oibre, brú ama, droch-chaidreamh, easpa córas tacaíochta, coimhlint nó bulaíocht, agus teicneolaíocht an brú a mhéadú a chuireann le strus bainteach leis an obair. Tá sé tugtha faoi deara go mbíonn strus bainteach leis an obair ina chúis le fadhbanna sláinte do gach duine. Ba cheart béim a chur ar oibríthe leochaileacha leis an measúnú riosca le haghaidh guaiseacha síceasóisialta an oiread is féidir go praiticiúil. Ba cheart go gcuimseodh an measúnú riosca sin aon rialuithe breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh grúpaí leochaileacha. Ba cheart na réitigh a chur in oiriúint do na leochaileachtaí sonracha a aithnítear.

Tuairisciú

Tá cearta ag oibríthe (oibríthe leochaileacha san áireamh) chun cosanta faoin dlí ar sábháilteacht agus sláinte cheirde. Ba cheart do gach oibrí tionóiscí agus/nó neastimpistí ag an obair a thuairisciú do bhainisteoirí agus/nó dóibh siúd atá i gceannas.

D'fhéadfadh go mbeadh drogall ar oibríthe leochaileacha tarluithe sláinte agus sábháilteachta, tionóiscí nó ábhair inní a thuairisciú, ar eagla go gcaillfidís a bpost.

Is féidir le hoibríthe leochaileacha ábhair inní maidir le sábháilteacht a thuairisciú d'ionadaithe sábháilteachta (má cheaptar iad ina n-ionad oibre). Is féidir le hionadaithe sábháilteachta dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta maidir le haon ábhair inní a tharraingítear anuas.

Tá sé mar oibleagáid ar fhostóirí de réir an dlí gortú fostaí de thoradh tionóisce agus iad i mbun oibre a thuairisciú, i gcás gurb é an toradh a bhíonn ar an ngortú nach féidir leis an bhfostaí a c(h)uid gnáthoibre a dhéanamh ar feadh níos mó ná trí lá i ndiaidh a chéile, gan lá na tionóisce san áireamh.





Na Leideanna is Fearr d'Oibrithe Leochaileacha chun Fanacht Slán

- Iarr agus breathnaigh ar eolas faoi na guaiseacha a d'fhéadfadh go mbeifeá nochta dóibh i do phost agus na cúraimí lena seachaint, lena n-áirítear:
 - conas trealamh sábháilteachta a úsáid,
 - conas rochtain a fháil ar threalamh cosanta pearsanta (TCP) agus é a úsáid, agus
 - nósanna imeachta éigeandála i gcás tine.
- Seiceáil go bhfuil oiliúint agus cainteanna na foirne uirlisí sábháilteachta curtha ar fáil i bhformáid inrochtana agus iarr aistriúchán (má theastaíonn).
- Labhair amach faoi ábhair inmí i leith sábháilteachta agus sláinte ceirde – áirítear leis sin ábhair inmí maidir le sábháilteacht laethúil agus neastimpistí.
- Tabhair tuairisc ar tharluithe agus ábhair inmí sábháilteachta do na bainisteoirí agus na maoirseoirí ábhartha.
- Déan cinnte go dtarraingítear anuas saincheisteanna a mbíonn éifeacht acu ort féin agus/nó ar oibrithe leochaileacha eile agus go bpléitear na saincheisteanna sin ag cruinnithe an choiste sábháilteachta.
- Iarr tacaíocht ó ionadaithe sábháilteachta agus/nó Ceardchumann i do chuideachta má tá inmí ort i ndáil le sláinte agus sábháilteacht cheirde.



Príomhcheisteanna le Cur

- An bhfuil oibrithe leochaileacha i mo chuideachta?
 - An oibrí leochaileach mé féin?
 - An bhfuil mé ag obair le agus/nó taobh le hoibrithe leochaileacha?
- Cén fachtóirí poist nó pearsanta a chuireann leis an leochaileacht sin?
 - Dom féin
 - Do dhaoine eile i m'ionad oibre
- An bhfuil cleachtas chuí choiscthe agus chosanta i bhfeidhm le haghaidh gach oibrí (lena n-áirítear oibrithe leochaileacha) i mo chuideachta?
- An bhfuiltear ag cloí le cleachtas choiscthe agus chosanta i mo chuideachta?
 - Ag fostaithe (oibrithe leochaileacha san áireamh)
 - Ag bainisteoirí agus maoirseoirí
- Cad is féidir liom a dhéanamh le tacú le hoibrithe leochaileacha i mo chuideachta?
- Cé is gá dom dul i gcomhairle leo?
 - An bhfuil sé soiléir cé lenar cheart dom dul i gcomhairle faoi shaincheisteanna sábháilteachta agus sláinte ceirde i mo chuideachta?
 - Ar tarraingíodh aird an Choiste Sábháilteachta agus/nó Sláinte Cheirde i mo chuideachta ar shaincheisteanna atá ábhartha d'oibrithe leochaileacha?
 - Ar tarraingíodh aird ionadaithe sábháilteachta agus/nó Ceardchumann (má tá a leithéid ar fáil) i mo chuideachta ar shaincheisteanna atá ábhartha d'oibrithe leochaileacha?

Eolas Breise agus Acmhainní

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Suíomh Gréasáin ÚSS.



Déan teagmháil lenár nDeasc Chabhrach:

Seoladh ríomhphoist: contactus@hsa.ie

Uimhir ghutháin: 0818 289 389

nó tabhair cuairt ar: https://www.hsa.ie/eng/enterprise_and_employee_supports/



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority